Iriseoirí an Lae Amárach Físeán 10: Gráinne McElwain



**Seo ceardlann iriseoireachta leis an láithreoir agus tráchtaire spóirt Gráinne Mc Elwain. Breathnaigh ar an bhfíseán agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis. Tá gluais ag dul le gach cuid le cabhrú leat.**

**Réamhrá (0:00 – 08:12)**

1. Cad as do Ghráinne ó dhúchas? Cá bhfuil sí ina cónaí anois?
2. Luaigh trí rud a spreag an paisean atá ag Gráinne don spórt.
3. Conas a fuair Gráinne a céad phost mar láithreoir spóirt nuair a bhí sí sa choláiste?
4. Cén cúrsa ollscoile a rinne Gráinne sa choláiste?
5. Cén post a bhí ag máthair Ghráinne?

| | |
|---|---|
| Scoth na n-iriseoirí: na hiriseoirí is fearr amuigh | Dúil: spéis/suim |
| Ag amharc: Ag breathnú/ag féachaint | Taighdeoir: duine a lorgaíonn agus a bhailíonn eolas |
| Cathaoirleach: Duine atá i gceannas in eagraíocht | Riarachán: páipéarachas |

**Tuairiscí Ghráinne (08:12 – 24:24 )**

1. Cé hé Shane Ronayne?
2. An raibh rath le Feachtas 20X20, dar le Gráinne?
3. Luaigh ceithre spórt a bhfuil obair thráchtaireachta déanta ag Gráinne orthu.
4. Cén chaoi a ndéanann Gráinne a saol gairmiúil agus a saol pearsanta a láimhseáil?
5. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann le post Ghráinne?
6. Cén taighde a dhéanann Gráinne dá post? Cá bhfaigheann sí a cuid eolais?

| | |
|---|---|
| Idirdhealú: difríocht a aithint idir rudaí éagsúla | Iomaitheoir: Duine a ghlacann páirt i gcomórtas |
| I lár an aonaigh: fréamhaithe san aicsean | Scáileán: an fhís ar theilifís/ríomhaire/fhón |
| Fosta: Freisin/chomh maith | Anailísí: Duine a dhéanann anailís sna meáin |

**Clár faisnéise Ghráinne agus conclúid (24:24 – 41:12)**

1. Cén fáth a raibh an t-aistriú ó TG4 go Sky Sports aisteach do Ghráinne?
2. Luann Gráinne an comórtas Gaeilge Scór. Cén bhaint atá ag Gráinne le Scór?
3. Cén t-ainm atá ar an gclár faisnéise a chuireann Gráinne i láthair?
4. Cé hiad na daoine gur maith le Gráinne agallaimh a chur orthu?

| | |
|---|---|
| Dualgas: cúram a bheith ar dhuine rud a dhéanamh | Clár faisnéise: clár teilifíse nó raidió a chuireann eolas agus fíricí ar fáil faoi ábhar ar leith |
| Ársa: sean | |

**Gníomhaíocht 1 (Labhairt agus Idirghníomhaíocht Chainte)**

Labhraíonn Gráinne le Caitlín faoin tábhacht a bhaineann le spórt agus craoladh an spóirt in Éirinn ar na meáin éagsúla. Leis an duine in aice leat anois, labhair faoin ról atá ag an spórt i do shaol agus faoi na spóirt éagsúla a mbíonn tú ag breathnú orthu. Seo cúpla leid le cabhrú libh agus sibh i mbun comhrá.

An maith libh spórt? Cén spórt is fearr libh agus cén fáth?
An imríonn sibh aon spórt? Cén spórt a imríonn sibh?
An imríonn sibh spórt sa bhaile nó ar scoil? An bhfuil sibh in bhur mbaill de chlub ar bith? Cén ceann?

Cén spórt is maith libh a bheith ag breathnú air agus cén fáth?
Cén clár teilifíse spóirt is fearr libh? Cén clár raidió spóirt is fearr libh?
An éisteann sibh le podchraoltaí spóirt?
Cén réalta spóirt is mó a leanann sibh ar na meáin shóisialta?
An ndéanann an spórt maitheas nó dochar do mheabhairshláinte daoine óga an dóigh libh?

**Gníomhaíocht 2 (Scríbhneoireacht agus Ullmhúchán don chomórtas)**

Cuireann Gráinne clár fáisnéise Scéalta na gCorn i láthair. Is léir go bhfuil an-spéis agus paisean ag Gráinne don Chumann Lúthchleas Gael. An féidir leat pits (pitch) a scríobh d'fhoireann bhainistíochta TG4 do chlár faisnéise dírithe ar dhaoine óga a theastaíonn uait a chraoladh. Is féidir leat ábhar nó topaic ar bith a roghnú agus déan iarracht an pits a bheith mealltach ionas go ndéanfaidh siad é a choimisiúnú. (Ní gá dul thar 350 focal)

Labhraíonn Gráinne faoin tábhacht a bhaineann le Scór, comórtas cultúrtha de chuid Chumann Lúthchleas Gael. Léigh an sliocht thíos agus abair an bhfuil na habairtí a thagann ina dhiaidh fíor nó bréagach.

## Scór: Comórtas Cultúrtha Chumann Lúthchleas Gael

Is cuid de Chumann Lúthchleas Gael é Scór a chuireann an amhránaíocht thraidisiúnta, ceol traidisiúnta, rince gaelach, Gaeilge agus aisteoireacht chun cinn in Éirinn. Tá cúpla cuid ag baint leis an gcomórtas náisiúnta seo. Tá Scór na nÓg ann dóibh siúd atá faoi bhun 17 mbliana d'aois agus is ann do Scór Sinisir dóibh siúd atá thar 17 mbliana déag d'aois. Glacann daoine páirt i Scór fud fad na tíre agus is ann do chomórtais ag léibheal an chontae, an chúige agus ansin na tíre. Bronnann Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael na boinn orthu siúd a thugann craobh náisiúnta leo agus bíonn stádas an-tábhachtach ag na daoine a bhuann Scór. Is comórtas den scoth é atá dílis do luachanna bhunaitheoirí Chumann Lúthchleas Gael agus a chuireann go mór le nasc láidir an Chumainn leis an nGaeilge agus an saol Gaelach.

**Fíor nó bréagach?**

1. Is comórtas de chuid Chumann Lúthchleas Gael é Scór.

Fíor Bréagach

2. Cuireann Scór béim mhór ar an gcultúr Gaelach.

Fíor Bréagach

3. Is comórtas do dhaoine óga amháin é Scór.

Fíor Bréagach

4. Glacann daoine i mBaile Átha Cliath amháin páirt ann.

Fíor Bréagach

5. Bronnann Uachtarán na hÉireann boinn ar bhuaiteoirí Scór.

Fíor Bréagach